


COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

# Eolas do Cheannairi
# Sonrai an Phoist



COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

# Post mar Cheannaire

Bíonn ceannairí á lorg againn chun oibriú ar na cúrsaí samhraidh le foghlaimeoirí óga Gaelainne. Fanann na ceannairí i dtithe áitiúla nó i gColáiste Cónaithe. Má cheapann tú go mbeadh suim agat teacht ag obair linn i rith an tsamhraidh; léigh tuilleadh anso...



# Post mar Cheannaire

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

An saghas duine atá á lorg againn:

- Duine ós cionn 18 go bhfuil Gaelainn mhaith labhartha acu.
- Suim a bheith agat i spreagadh na Gaelainne i measc foghlaimeoirí óga.
- Duine fuinniúil, lán de bheocht, atá sásta oibriú i measc na scoláirí.
- Duine atá sásta rincí, ceol, drámaíocht, spórt, etc. a eagrú agus a stiúradh, le tacaíocht ó na múinteoirí.
- Duine atá sásta comhoibriú le Múinteoirí, Príomhoidí, Scoláirí agus Mná/Fir Tí.
- Duine atá sásta comhoibriú le Bean/Fear an tí (nó le foireann oibre Choláiste Íde) nuair is gá.
- Duine gur mhaith leo cúpla seachtain a chaitheamh i lár na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne.
- Má tá taithí á lorg agat ag oibriú le daoine óga i suíomh spreagúil Gaelainne, b'fhéidir gur deis í seo duitse!

# Post mar Cheannaire

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

## Dualgaisí an lae:

Oibríonn na ceannairí 6 lá sa tseachtain: Bíonn lá iomlán saor + céilí amháin eile saor sa tseachtain.



## Maidin:

- Cabhrú le Bean/Fear an tí (nó le foireann Choláiste Íde) na scoláirí a ullmhú don lá.
- Siúl leis na scoláirí (ó na tithe cónaithe) nuair is gá, go dtí an gColáiste.
- Cabhrú leis an bPríomhoide / Múinteoir.
- Feitheoireacht ag briseadh na maidine i dteannta na múinteoirí.

## Tar éis lóin:

- Feitheoireacht i dteannta na múinteoirí ag am lóin.
- Imeachtaí an tráthnóna a rith faoi stiúir an phríomhoide m.sh. cluichí ar an dtráigh, Spóirt Uisce, turasanna áitiúla.
- Siúl abhaile go dtí na tithe cónaithe leis na scoláirí, nuair is gá, timpeall 4pm.

## Oíche

- Freastal ar an gCéilí leis na scoláirí ón 7.30-9.30pm.
- Cabhrú an rince a mhúineadh dóibh.
- Páirt a ghlacadh ag an gCéilí.



# Post mar Cheannaire

## Dualgaisí na gCeannairí

1. Caithfidh ceannairí Gaelainn a labhairt an t-am ar fad agus iad ag obair dúinn agus glacadh le treoracha ón bPríomhoide nó ó ionadaí an Phríomhoide.

2. Caithfidh gach ceannaire a bheith os cionn ocht mbliana déag d'aois. Is féidir eisceacht a dhéanamh de seo maidir le cúntóirí áitiúla.

3. Ní mór freastal ar chruinniú maideanacha áirithe leis an bPríomhoide chun obair an lae a leagadh amach.

4. Beidh lá iomlán + céilí eile sa tseachtain saor ag ceannairí. (Socróidh an Príomhoide na laethanta seo).

5. Níl seiceáil na dtithe mar dhualgas ar cheannairí agus níl sé mar dhualgas ar cheannairí scoláirí a thógaint ina ngluaisteán féin.

6. Cabhrú leis an bPríomhoide i ngach slí, mar shampla; cabhrú le múinteoirí ar an dtráigh, cluichí a eagrú, moltóireacht ar chomórtaisí, labhairt na Gaelainne a spreagadh, céilithe a eagrú, sábháilteacht ar na bóithre, agus cúraimí eile.

7. Beidh ar na ceannairí cabhrú timpeall an tí uaireanta ar threoir Bean / Fear an tí nó faoi stiúir na foirne i gColáiste íde.

8. Gearáin agus moltaí na scoláirí a thabhairt don bPríomhoide.

9. Ba chóir go mbeadh sceideal an lae scríofa ag gach ceannaire maraon le plean d'imeachtaí. (Ba chóir go mbeadh an sceideal seo le fáil ag Cigire na Roinne.)

10. Cuntas scríofa a chur ar fáil do Choláistí Chorca Dhuibhne ag deireadh an chúrsa.

11. Beifear ag súil go mbeidh gach ceannaire ábalta ar deighleáil leis na páirtnéirí éagsúla i.e Foireann Teagaisc, Mná Tí, Daltaí, Cigirí, go gairmiúil proifisiúnta.

12. Beidh ar na ceannairí na hionaid éagsúla a choimeád glan.

13. Beifear ag súil go gcoiméadfaidh na ceannairí ord agus eagar ar na háiseanna teagaisc, rince & spóirt a bheidh sna hionaid éagsúla.

14. Tá sé de cheart ag Coláistí Chorca Dhuibhne ceannairí a aistriú go cúrsa eile nó lóistín eile am ar bith.

15. Íoctar liúntas seachtainiúil le gach ceannaire agus íocann an coláiste as an lóistín agus an bia ar fad le Bean/Fear an tí. I gColáiste Íde, cuirtear an lóistín agus an bia ar fáil ann. Bíonn uaireanta a chloig áirithe saor i rith an lae chomh maith, é seo le plé leis an bPríomhoide.

# Post mar Cheannaire

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

## Lóistín na gCeannairí

### Bean / Fear an tí nó Coláiste Cónaithe (Coláiste Íde)

Fanann na Ceannairí i dtithe áitiúla le Mná/Fir Tí nó i gColáiste Cónaithe (Coláiste Íde) ag brath ar an rogha cúrsa a chuireann siad ar an bhfoirm iarratais, agus ag brath ar an lóistín atá ar fáil againn.

Cúrsaí D,E,F,G,H = Bean/Fear Tí;

Cúrsaí J,K,L,M = Coláiste Íde

Íocann an coláiste as lóistín na mBan/bhFear Tí do na ceannairí agus cuirtear an lóistín agus bia ar fad ar fáil do cheannairí atá ag obair i gColáiste Íde sa choláiste cónaithe féin.



## Coláiste Cónaithe

- Coláiste Íde

Cúrsaí J,K,L,M




Tá Coláiste Íde lonnaithe cúpla míle siar ó Bhaile an Daingin cois cósta. I rith na bliana is meánscoil chónaithe do chailíní é agus i rith an tsamhraidh, fanann scoláirí ó Choláistí Chorca Dhuibhne ann. Bíonn imeachtaí Choláiste Íde ar fad á rith sa choláiste cónaithe agus fanann na scoláirí, na ceannairí agus na múinteoirí sa choláiste cónaithe féin, seachas i dtithe áitiúla le Mná/Fir Tí.

# Post mar Cheannaire

## An Ceannaire tusa?

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE




- Is taithí iontach é seo d'éinne gur mhaith leo cúpla sechtain a chaitheamh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne ag spreagadh daoine óga chun Gaelainn a labhairt.
- Faigheann na ceannairí blaiseadh do shaol na Gaeltachta agus iad ag maireachtaint i measc na ndaoine agus taithí luachmhar ag obair le daoine óga.
- Is post spreagúil, tairbheach, sásúil é seo, a bhíonn dúshlánach uaireanta, ach fiúntach!
- Bíonn rogha ag ceannairí teacht ag obair agus ag fanacht le Mná/Fir Tí nó i gColáiste Íde.
- Má tá suim agat iarratas a chur isteach ar phost mar cheannaire, líon an fhoirm iarratais isteach ar ár suíomh ag www.colaiste.ie